2014. S.24AT

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2014*

## STAIR - ARDLEIBHÉAL

(**NÁ** cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

*FOINSÍ*


**1. PICTIÚIR**

**PICTIÚR A1**




Foinse: www.shsu.edu

**PICTIÚR A2**




Foinse: http://makinghistoryrelevant.wordpress.com

**PICTIÚR B**




**Foinse:**http://www.nli.ie

**PICTIÚR C**




"Ḃí fear ann faḋó agus faḋó a ḃí——*will ye listen to me?*"

**Foinse:** http://www.ouririshheritage.org

## DOICIMÉID

### DOICIMÉAD 1

*Sliocht as 'Saol Michelangelo' le Ascanio Condivi, 1553. Cuireann sé síos ar an eispéireas a bhí ag an ealaíontóir le linn dó a bheith ag péinteáil na síleála sa Séipéal Sistíneach.*

Chríochnaigh sé an obair seo ar fad i bhfiche mí, gan cúnamh dá laghad, gan fiú duine a mheilfeadh a chuid dathanna dó. Is fíor gur chuala mé á rá é nach bhfuil sé críochnaithe mar ba mhaith leis mar gur chuir deifir an phápa as dó. Ar Lá na Naomh Uile, nuair a nocht sé an saothar, bhí an pápa thar a bheith sásta leis nuair a chonaic sé é agus thug an Róimh ar fad suntas dó agus tháinig na sluaite chun é a fheiceáil.

Ní raibh ag teastáil ach é a mhaisiú le hultramairín agus, i roinnt áiteanna, le hór le go mbeadh cuma níos saibhre air. Ba mhian leis an bPápa Julius go mór go gcuirfeadh Michelangelo na maisiúcháin seo air; ach, nuair a smaoinigh Michelangelo ar an trioblóid a bheadh air an scafall a chur le chéile arís, d'fhreagair sé nach raibh mórán tábhachta ag baint leis an méid a bhí in easnamh. 'Ba chóir go ndéanfaí é a athmhaisiú le hór ar aon nós,' a d'fhreagair an pápa. D'fhreagair Michelangelo é á rá, 'Ní fheicim go gcaitheann daoine ór.' Dúirt an pápa, 'Féachfaidh sé bocht.' D'fhreagair Michelangelo, 'Iad siúd atá léirithe ann, bhí siadsan bocht chomh maith.' Sin a dúirt sé mar ghreann agus is mar sin a fágadh an saothar ó shin.

Nuair a bhí an obair críochnaithe aige, de bhrí go raibh an méid sin ama caite aige agus a shúile ag féachaint suas ar an stua, ní raibh Michelangelo ábalta móra a fheiceáil nuair a d'fhéach sé síos. Mar sin, má bhí air litir nó mionrudaí eile a léamh, bhí air breith orthu agus a lámha thuas os cionn a chloiginn. Mar sin féin, tar éis tamaill, chuaigh sé i gcleachtadh de réir a chéile arís ar a bheith ag léamh agus a shúile ag féachaint síos. Tá a fhios againn ón méid sin gur chaith sé an-chuid dúthrachta leis an saothar seo agus go ndearna sé an-chúram de.

'Michelangelo Paints the Sistine Chapel', EyeWitness to History, www.eyewitnesstohistory.com (2005).

**DOICIMÉAD 2**

*Sliocht as cuntas finné súl ó phíolóta de chuid an RAF i gCath na Breataine, 1940.*

Thuirling mé ar luas agus ar fiar taobh thiar de líne d'eitleáin Heinkel a bhí amuigh chun tosaigh. Bhí a fhios agam go raibh an spéir lán d'eitleáin ag casadh agus ag iompú i ngach treo. Ní raibh ar m'aire áfach ach an Heinkel a bhí pioctha amach agam. Bhrúigh mé an cnaipe. Síos leis, é ag titim ar bís, púir dheataigh ag teacht as agus píosaí ag titim de.

Thuirling mé ar luas agus thug mé faoi deara go raibh gluaiseacht mhear an chatha i ndiaidh mé a thabhairt os cionn Londan arís. Bhí mé ábalta an gréasán sráideanna agus spás glas Kensington Gardens a fheiceáil, agus fuair mé spléachadh ar feadh meandair ar an Round Pond, áit ar sheol mé báid agus mé i mo pháiste.

Thrasnaigh Dornier 17 díreach os mo chomhair ar luas lasrach, Hurricane sa tóir air agus dhá Messerschmitt ina ndiaidh sin arís. Chas mé ina dtreo, bhrúigh mé cnaipe an ghunna le m'ordóg, agus scaoil mé orthu é. Rinneadh smionagar den Messerschmitt tosaigh san aer. ach d'imigh a chomrádaí uaim le leathchasadh Immelmann, ceann de na 'cleasa éalaithe' ba ghasta agus ba chliste dá bhfaca mé riamh. Theip orm é a aimsiú in aon chor agus mar sin d'éirigh leis éalú. Caithfidh mé tréaslú leis.

Díreach ag an nóiméad sin, gan smaoineamh fiú, d'fhéach mé sa scáthán siar agus thug mé faoi deara dhá Messerschmitt ag dúnadh isteach orm ón taobh thiar. Bhí mo chuid breosla ar fad nach mór ídithe agus ní raibh ach díol cúpla soicind d'armlón fágtha agam. Is cinnte nach raibh ar mo chumas dul i ngleic le dhá Messerschmitt. Ach ba chosúil nach raibh aon fhonn troda orthusan ach oiread. B'fhéidir go raibh siadsan sa riocht céanna, mar d'iompaigh siad i dtreo an bhaile agus chuir mé féin mo shrón síos agus rinne mé an rud céanna.

http://www.eyewitnesstohistory.com/airbattle.htm